Glór Cheatharlach

Corn Peile Ghlór na nGael 2012

REACHTÁLADH cluichí na gcailíní i gcomórtas Corn Peile Ghlór na nGael 2012 i bPáirc Uí Bhriain, Éire Óg Dé Máirt seo caite. Eagraithe ag Glór Cheatharlach ó 1996, bíonn an comórtas bliantúil seo teoranta do dhaltaí i rang a cúig nó níos óige. Tugann na cluichí deis iontach do na daltaí óga a gcuid scileanna a chleachtadh ag deireadh na scoilbhliana. Roinntear na foirne in dhá ghrúpa agus i bhfoirm bliotz imríonn na foirne a chéile. Téann buaiteoirí an dá ghrúpa ar aghaidh ansin chun imirt sa chraobh.

Arís i mbliana léiríodh an-suim sa chomórtas agus tháinig foirne ó scoileanna timpeall an cheantair le chéile chun dul in iomaíocht don Chorn. Bhí Gaelscoil Cheatharlach, Baile Haicéid agus Scoil an Teaghlaigh Naofa Ionnaithe i ngrúpa a haon agus bhí buaiteoirí na bliana seo caite Beann na gCaorach i ngrúpa a dó le Gaelscoil Átha Í agus Scoil Mhuire Gan Smál.

D'imir Gaelscoil Cheatharlach agus Baile Haicéid sa chéad chluiche agus b'iad cailíní na Gaelscoile a thosaigh go sciobtha ag scóráil trí chúl sa chéad leath. Rinne Melissa Nic Réamonn sár iarracht chun Baile Haicéid a tharraingt ar ais sa chluiche ach bhí foireann na Gaelscoile ro-láidir dóibh agus le cúpla cúl eile bhuaigh siad go héasca. Chuir Gaelscoil Cheatharlach áit in áirithe dóibh fhéin sa chraobh nuair a bhuaigh siad ar fhoireann an Teaghlaigh Naofa sa dara cluiche i ngrúpa a haon. Bhí athás ar an réiteoir Brendan Hayden faoin ardchaighdeán de scileanna a bhí le feiscint ón dá fhoireann. Sheas Ciara Ní Néill agus Mairéad Ní Ghormáin amach mar pheileadóirí den scoth ar fhoireann Easca ach d'imir Eimear Ní Thuathail sárchluiche don Ghaelscoil le cinntiú go mbeadh siad sa chraobh. An scór deireannach ná 3-2 go dtí 0-2.

I ngrúpa a dó d'imir Beann na gCaorach i gcoinne Scoil Mhuire Gan Smál agus bhí sé deacair na foirne a scaradh ar an scórchlár le Scoil Mhuire ar 0-2 agus Beann na gCaorach ar 0-1 ag leath am. D'éirigh le Beann na gCaorach toradh an chluiche a athrú áfach le cúilín agus cúl sa nóiméad deireannach chun é a bhuachaint le 1-3 go dtí 0-3. D'imir Eve Cradóc go hiontach do Scoil Mhuire ach bhí mí-ádh orthu agus deacrachtaí móra ag an bhfoireann ag lorg cúil le Sandy Ní Shíoda idir na maidí ag an taobh eile. Bhí ar Bheann na gCaorach dul thar Gaelscoil Átha Í chun áit a bhaint amach sa craobh don triú bhliain as a chéile i gcoinne Gaelscoil Cheatharlach. Níor thaisteal cailíní Átha Í síos chun na huimhreacha a dhéanamh suas ach chun buachaint. Le go leor rath ar an bpeil ghaelach i mBaile Átha Í le déanaí bhí seans ann go mbeadh mórshuaitheadh ar na cártaí. Bhí tús iontach acu nuair a fuair Ciara Ní Dhuinn cúl sa chéad leath ach níor chlárigh siad scór eile sa chluiche. Thaispéain cailíní Bheann na gCaorach agus go háirithe Niamh Ní Chrualaoich a dtaithí ar an gcomórtas seo agus tháinig siad slán don chraobh ar scór de 3-0 go dtí 1-0.

Tháinig deireadh le cluichí na ngrúpaí le Scoil an Teaghlaigh Naofa in aghaidh Bhaile Haicéid agus Gaelscoil Átha Í i gcoinne Scoil Mhuire Gan Smál. B'iad Jasmine Ní Bhraonáin-Ní Dhubhlaing, Kaylee Ní Néill agus Tanya Ní Oldáin na himreoirí ab fhearr do Scoil Easca agus bhí na deirfiúracha Gina agus Helena Ní Chearnaigh, Lea Twamley agus

Gaelscoil Cheatharlach a bhuaigh Corn Ghlór na nGael

Beann na gCaorach a d'imir sa chraobh Ghlór na nGael

Jessica Dáibhís ar fheabhas do Bhaile Haicéid. Chríochnaigh an cluiche ar 2-3 go 0-2 do Scoil an Teaghlaigh Naofa. Sa chluiche deireannach i ngrúpa 2 fuair Seoirse Ní Fhoghlú-Ní Dhúill cúl do Bhaile Átha Í ach níorbh leor é sin mar d'imir Rachael Ní Chonchobhair tharr barr ins na tosaithe do Scoil Mhuire le Niamh Ní Bhruadair agus bhí Jasmine Ní Shúilleabháin mar chosantóir iontach chun an bua a fháil do Scoil Mhuire gan Smál ar scór 2-4 to 1-2.

Ar aghaidh go dtí an chraobh ansin le buaiteoirí Chorn Peile Ghlór na nGael 2010 ag imirt bhuaiteorí 2011. Bhí cath den chéad scoth i lár na páirce idir Rachael Ní Chaomhánaigh agus Ciara Nic Giollaphádraig. Mar a deirtear i gcónaí faoi pheil ghaelach, buann cúil cluichí agus b'shin a bhí ar intinn ag Deirbhile Ní Cheallaigh a fuair dhá chúl do Ghaelscoil Cheatharlach. Chabhraigh Eimear Ní Dhálaigh agus Nicola De Faoite go mór le cinntiú go mbeadh an Corn ag dul ar ais go dtí an Ghaelscoil ar scór ard. É sin ráite rinne Kayleigh Ní Cheallaigh agus Roisín Ní Néill a ndícheall do Bheann na gCaorach agus is cinnte go mbeidh siad ar ais an bliain seo chugainn. Ach bhí an lá le cailíní na Gaelscoile agus bhí gliondar ar chaptaen na foirne Rachael Ní Chaomhánaigh nuair a bronnadh Corn Ghlór na nGael 2012 uirthi. Gach rud thart do bhliain eile agus d'imigh idir pheileadóirí, múinteoirí agus tuismitheoirí abhaile sona sásta.

Fáilte chuig Ghlór Cheatharlach

Glór Cheatharlach

Cuirfear fáilte roimh dhaoine chuig cruinniú an tsamhraidh de Ghlór Cheatharlach a reachtálfar in Ionad Pharóiste na hArdeaglaise, Sráid an Choláiste, Ceatharlach anocht, 29 Bealtaine ag 7.30i.n. Fáilteofar roimh bhaill nua agus smaointe nua chun an Ghaeilge a chur chun cinn i measc an phobail uile idir óg agus fásta.

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:

Glór Cheatharlach

Sráid an Choláiste, Ceatharlach

(059) 9158105 / (085) 1340047

eolas@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie

Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

SULT na Míosa

CUIRFEAR céad míle fáilte roimh chách chuig SULT na míosa, oíche shóisialta trí Ghaeilge, ag 9.00i.n. ar an Déardaoin, 31ú Bealtaine i dTeach Dolmain, Ceatharlach. Tagann daoine le chéile ansin ar an Déardaoin deireannach de gach mí le haghaidh caint, comhrá agus comhluadar trí Ghaeilge agus cuirtear fíorchaoin fáilte roimh dhaoine nua i gcónaí. Cead isteach saor.

Borris

CONTACT: BRIDGET DALTON AT THE CRISP CENTRE
TEL: 059 9771899

Tea party in aid of World MS Day

TO celebrate World MS day on Wednesday 30 May, a McVitie's tea party will be held in the CRISP Centre, Main Street, Borris. Everyone is invited, and bring a friend or two. The kettle will be on the boil from 9.30am to 12.30pm, so drop in for your morning coffee. Enquiries to Bridget on 086 8851740.

OPEN DAY

Borris Community Playschool will hold an open day on Friday 29 June, from 10am to noon. Come and meet the staff and let your little one experience the excitement of playschool and meet some of their playschool friends. Some free ECCE pre-school year places still available. Contact 059 97 73881 for further information.

FOROIGE CLUB

Congratulations to Ann Marie Kelly, Ballyphenan and Rebecca Malone, Graignamanagh, who won the recent Foroige Club talent show on in Pollerton, Carlow. They sang a duet. Ann Marie and Rebecca will now represent County Carlow in the Leinster final on Saturday 9 June in Dublin.

BALLYMURPHY HALL COMMITTEE

Recent Split the Pot winners were: 1st Watt Cummins, €19; 2nd Richie Frayne; €20; 3rd Padraig Nolan; €20. Thank you for your continued support – €2 it could be you. The draw takes place every Monday night in the Hilltop Bar.

TRUCK RUN

Ballymurphy Vintage Club is holding a Truck Run on Sunday 3 June in aid of Saplings Sschool.